Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15487/25**
**ADD 6**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0210 (BUD)**

**FIN 1358**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Téacs comhpháirteach maidir le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2026<br>• *Ráitis* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, ráiteas comhpháirteach ón Ísiltír, ón Ostair, ón bhFionlainn agus ón tSualainn, chomh maith le ráiteas aontaobhach ón Ungáir.

## Ráiteas ón Ísiltír, ón Ostair, ón bhFionlainn agus ón tSualainn maidir le buiséad an Aontais Eorpaigh 2026

Ba cheart buiséad an Aontais a bheith bunaithe ar phrionsabail bhuiséadacha fhónta, corrlaigh leordhóthanacha a choinneáil agus ionstraimí speisialta a choimirciú le haghaidh imthosca gan choinne.

Sa chomhaontú maidir le buiséad 2026 baintear an iomarca úsáide as ionstraimí speisialta faoi cheannteidil éagsúla, le hath-leithdháiltí an-teoranta. Áirítear ann freisin méaduithe suntasacha ar an gcaiteachas riaracháin chomh maith le méaduithe ar leibhéil foirne. Is é ár dtuairim nach féidir le buiséad an Aontais neamhaird a thabhairt ar an gcomhthéacs níos leithne, ina bhfuil formhór na mbuiséad náisiúnta faoi bhrú nó ina bhfuil bearta suntasacha comhdhlúthaithe os a gcomhair.

Creidimid, dá bhrí sin, nach bhfuil an comhaontú maidir le buiséad an Aontais do 2026 i gcomhréir le prionsabal an bhuiséadaithe stuama.

**Ráiteas ón Ungáir**

**faoin gcomhaontú maidir le buiséad bliantúil 2026 an Aontais Eorpaigh**

Staonann an Ungáir ón gcomhaontú maidir le buiséad bliantúil 2026 an Aontais Eorpaigh.

Cé go n-aithníonn an Ungáir a thábhachtaí atá sé feidhmiú leanúnach chláir agus institiúidí an Aontais a áirithiú, measann sí go bhfuil sé ríthábhachtach an méid seo a leanas a thaifeadadh i ndáil leis an gClár um an Tionscal Cosanta Eorpach agus leis an Ionstraim um Thacaíocht don Úcráin.

Tacaíonn an Ungáir leis na hiarrachtaí uile a bhfuil sé d’aidhm acu caibidlíocht shubstainteach a sheoladh i dtreo síocháin inbhuanaithe chobhsaí lena ráthófar slándáil fhadtéarmach mhór-roinn na hEorpa. Creideann an Ungáir, leis an gcaibidlíocht síochána atá ar siúl faoi láthair, faoi stiúir na Stát Aontaithe, nach mór don Aontas a cheapadh beartais a oiriúnú freisin.

I bhfianaise an mhéid thuas, agus i gcomhréir lena tiomantas seanbhunaithe don tsíocháin, ní thacaíonn an Ungáir le bunú ná maoiniú ionstraimí nua de chuid an Aontais a rannchuidíonn go míleata leis an gcogadh san Úcráin agus a d’fhéadfadh an bonn a bhaint de na hiarrachtaí leanúnacha síochána. Ní mór na hacmhainní tearca atá ar fáil chun críoch cosanta a leithdháileadh go hiomlán ar ullmhúcháin chosanta an Aontais féin, agus ar an gcaoi sin cosaint shaoránaigh an Aontais a áirithiú go díreach.

Dá bhrí sin, agus i gcomhréir lenár seasamh a luadh roimhe seo le linn na caibidlíochta i ndáil leis an Rialachán maidir leis an gClár um an Tionscal Cosanta Eorpach, ní féidir leis an Ungáir an leithdháileadh atá beartaithe don Ionstraim um Thacaíocht don Úcráin a fhormhuiniú laistigh de bhuiséad 2026.